Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2025/2761

23.5.2025

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2761)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2025) 2761	16 Bealtaine 2025	trí-ocsaíd chróimiam (Uimh. CE 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Fratelli Creola S.r.l., Via Morena 10, 28024 Gozzano (NO), an Iodáil	REACH/25/20/0	Leictreaphlátáil ar shubstráití miotail chun dromchla a chruthú atá marthanach agus a bhfuil cuma gheal (lonrach) nó neamhlonrach air le haghaidh feidhmeanna sláintíochta, agus le haghaidh comhlaí agus comhpháirteanna le haghaidh na hearnála hidrea-sláintíochta freisin.	An 31 Nollaig 2032	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2761/oj